(4) Má tá freagra dearfach ar an gcéad cheist a tharchuirtear agus/nó ar an dara ceist a tharchuirtear, an iad údaráis inniúla an Bhallstáit amháin a bhféadfadh an fhís-chomhdháil a eagrú?

(5) Má tá freagra diúltach ar an gceathrú ceist a tharchuirtear, an bhféadfadh cúirt an Bhallstáit a bhfuil an cás á thabhairt os a comhair dul i dteagmháil go díreach le cúisí atá i mBallstát eile agus an nasc a sheoladh chuige le ceangal leis an bhfís-chomhdháil?

(6) An ea nach luíonn eagrú fís-chomhdhála nach bhfuil baint ag údaráis inniúla an Bhallstáit leis le caomhnú limistéar aonair saoirse, slándála agus ceartais an Aontais?

---

(1) Tá ainm an cháis seo dlítheanach. Ní hionann é agus ainm aon pháirtí sna himeachtaí.
(2) IO 2014 L 130, lch. 1.
(3) IO 2016 L 65, lch. 1.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Düsseldorf (an Ghearmáin) a taisceadh an 8 Bealtaine 2023 – LS v PL

**(Cás C-291/23, Hantoch [1])**

(2023/C 271/21)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Landgericht Düsseldorf

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* LS

*Cosantóir:* PL

### An cheist a tharchuirtear

An bhfuil an léiriú ar Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 [2], maidir leis an gceist an raibh ann do shócmhainní de chuid an eastáit i mBallstát na cúirte a bhfuiltear os a comhair, bunaithe ar am an chomharbais nó ar an am a tionscnaíodh an chaingean?

---

(1) Tugtar ainm bréige sa chás seo, nach bhfreagraíonn d'fhíorainm aon pháirtí sna príomhimeachtaí.
(2) Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú (IO 2012 L 201, lch. 107).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 25 Bealtaine 2023 – DS v Pensionsversicherungsanstalt

**(Cás C-323/23, Pensionsversicherungsanstalt)**

(2023/C 271/22)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Oberster Gerichtshof

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* DS

*Cosantóir:* Pensionsversicherungsanstalt